




# GO BUAN FEASTA



# 2023 - 2028







UCC

Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland

COLÁISTE NA hOLLSCOILE CORCAIGH

**PLEAN STRAITÉISEACH 2023-2028**





Tá córais dhaonna ar aon dul le healtaí druideanna, iad casta agus oiriúnaitheach, agus cumas as an ngnáth acu obair i gcomhar lena chéile. I gcomhthéacs ealtaí na ndruideanna, rud ionchuimsitheach is ea an cheannaireacht a roinntear idir daoine agus a bhraitheann ar chumarsáid atá éifeachtach agus a théann i ngach treo.

**AN tOLLAMH JOHN O'HALLORAN**
Uachtarán





# Ábhar


Réamhrá an Uachtaráin 6

Brollach 8

Fís, Misean agus Luachanna 10

Cuspóirí 11

Cur Chuige Straitéiseach 12

**Cuspóir a hAon: Taighde agus Nuálaíocht 14**

Cuir Chuige Straitéiseacha agus Príomh-Ghníomhartha 16

**Cuspóir a Dó: Rathúlacht na Mac Léinn 20**

Cuir Chuige Straitéiseacha agus Príomh-Ghníomhartha 22

**Cuspóir a Trí: Caidreamh Domhanda 26**

Cuir Chuige Straitéiseacha agus Príomh-Ghníomhartha 28

**Cuspóir a Ceathair: Ár bhFoireann, Ár gCultúr 32**

Cuir Chuige Straitéiseacha agus Príomh-Ghníomhartha 34

**Cuspóir a Cúig: Ár nÁit, Lorg Ár gCos 38**

Cuir Chuige Straitéiseacha agus Príomh-Ghníomhartha 40

Cumasóirí Straitéiseacha 44

Príomhghníomhartha Tosaíochta 46

Ó Straitéis go dtí Cur i bhFeidhm 48



# Réamhrá an Uachtaráin

I Mórchúis áthais dom Plean Straitéiseach Choláiste na hOllscoile Corcaigh 2023-2028 a chur i láthair. Is mar thoradh ar dhlúthchaidreamh le pairtithe leasmhara agus dearcadh uaillmhianach an plean seo. Iarracht i gcomhar is ea é i ndáiríre agus é forbartha againn ar mhaithe linn féin go léir.

Tá COC ag feidhmiú i dtimpeallacht dhúshlánach náisiúnta agus idirnáisiúnta agus athruithe móra tagtha chun cinn i gcúrsaí polaitiúla, eacnamíochta, sóisialta, teicneolaíochta, dlíthiúla, cultúrtha agus déimeagrafacha. Fás as cuimse nach rabhthas ag súil leis is ea an t-athrú sóisialta seo. *Go Buan Feasta: Plean Straitéiseach COC 2023–2028* an fhorbairt a deineadh chun go mbeidh an ollscoil ullmhaithe i gceart don athrú tapaidh seo agus léirítear ann an tiomantas seo againne do thodhchaí inbhuanaithe dár bpobal, dár bpláinéad agus dár n-ollscoil.

Ó bunaíodh COC in 1845, chuathas i ngleic leis an iliomad athruithe agus dúshlán a tharla. Ní mór dúinn a bheith gríosaithe ag ár gcuid croí-luachanna institiúideacha agus sinn ag freagairt do na dúshláin agus na deiseanna amach romhainn. Aithnítear sa phlean seo ocht gcroí-luach a d'eascair as an bplé leathan a deineadh lenár bpobal. Tá siad mar theoir dár gcuid gníomhartha, iompair agus cultúir, agus molaim do bhaill uile ár bpobail glacadh leo agus iad a úsáid mar thaca le cinntí.

Mar ollscoil taighde cheannródaíoch, tuigimid go rímhaith an tábhacht a bhaineann le cruthaitheacht, uaillmhian agus fionnachtain chun tacú le nuálaíocht. Sna blianta atá romhainn, déanfaimid leasuithe ar chúrsaí taighde, chun dea-theist ar leith a chothú maidir le réimsí éagsúla feabhais a raghaidh i ngleic le mórdhúshláin dhomhanda. Déanfaimid é seo i gcomhar le páirtithe leasmhara chun lántairbhe a bhaint as an tionchar seo againne ar bhonn réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Leanfaimid orainn le polasaí náuisiúnta a mhúnlú d'fhonn deimhin a dhéanamh de go gcuirfidh ár gcóras ardoideachais feabhas ar chlú idirnáisiúnta na hÉireann.

> “Mar ollscoil taighde cheannródaíoch, tuigimid go rímhaith an tábhacht a bhaineann le cruthaitheacht, uaillmhian agus fionnachtain chun tacú le nuálaíocht.”

Tá sé mar aidhm bhunúsach againn eispéireas ábhartha, dinimiciúil agus ionchuimsitheach a sholáthar dár gcuid mac léinn go léir. Agus sinn ag teacht amach as dúshláin shuntasacha na mblianta deireanacha, tapóimid an deis chun athshamhlú a dhéanamh ar thimpeallacht na hoibre agus eispéireas na mac léinn. Díreoimid ar *Churaclam Cónasctha* cuimsitheach agus bunaithe ar thaighde a sholáthar, déanfar speisialú agus cuirfear cláir iarchéime


chlúiteacha ar fáil, rud a dhéanfaidh rogha ollscoil asainn maidir le staidéar iarchéime i sainréimsí feabhais éagsúla.

Baineann ár gcuid ball foirne agus mac léinn go dlúth lenár ndul chun cinn. Táimid aireach mar gheall ar a gcuid folláine agus sinn tiomanta chun timpeallacht shábháilte a chur ar fáil ina gceiliúrtar éagsúlacht agus ina mbíonn ár bpobal in ann fás agus forbairt. Beidh cothromaíocht, ionchumsitheacht, comhionannas deiseanna agus cothromas ann do bhaill foirne agus mic léinn uile. Forbróimid creataí tacaíochta don fhoireann agus do mhic léinn agus iad ag teacht chun na hollscoile, fad is a bheidh siad linn agus ag imeacht dóibh. Tá sé mar thosaíocht againn baill foirne chumasacha a mhealladh agus tacú leo agus timpeallacht oibre dhearfach á cothú againn atá go hiomlán faoi réir ag ár gcuid luachanna.

Tá dúshláin nach beag i ndán dár bpláinéad ó thaobh acmhainní nádúrtha agus comhshaoil de. Tá sé mar cheangal ar na hollscoileanna gníomhú, ach dul i mbun taighde agus teagaisc, a bheith sa roth stiúrtha agus ceannairí a fhorbairt chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus chun todhchaí inbhuanaithe a chruthú dúinn go léir. Déanfar athruithe ar spásanna ár gcampais, go fisiciúil agus go fíorúil, rud a thapóidh na deiseanna chun lántairbhe a bhaint as a gcuid solúbthachta agus inbhuanaitheachta. Mar thoradh air seo, beidh ar ár gcumas foghlaim agus teagasc atá níos ionchuimsithí agus níos dinimiciúla a sholáthar. Táimid den tuairim go bhfuil ceannaireacht agus gaiscí COC go dtí seo mar bhonn láidir le tógáil agus forbairt a dhéanamh agus leanfaimid de bheith freagrúil agus lúfar.

Mar éaneolaí, ba mhór an mhistéir dom riamh ealtaí na ndruideanna. Tá córais dhaonna ar aon dul le healtaí druideanna, iad casta agus oiriúnaitheach, agus cumas as an ngnáth acu obair i gcomhar lena chéile. I gcomhthéacs ealtaí na ndruideanna, rud ionchuimsitheach is ea an cheannaireacht a roinntear idir daoine agus a bhraitheann ar chumarsáid atá éifeachtach agus a théann i ngach treo. Tapaítear an deis do gach éan a bheith mar cheannaire agus a bheith mar leantóir más cuí. Meafar oiriúnach do phobal COC é seo, dar liom, ina spregtar naisc idir daoine mar aon le hoiriúnaitheacht, éagsúlacht agus láidreacht in éineacht. Agus iad mar mheitheal, déanann na héin seo an spás ina bhfuilid a athrú as cuimse. Ábhar iontais is ea iad mar chuisle iomlán; iad ag dul i gcoinne dhlíthe an nádúir agus an nádúr á shainaithint acu sa turas. Tá sé mar fhís agam do COC go mbeimis cumasaithe mar dhaoine aonair, ach sinn ag obair i dteannta a chéile ar mhisean comhroinnte chun taighde claochlaithe a sholáthar, eolas a scaipeadh agus foghlaim a chur chun cinn ar mhaithe leis an tsochaí agus stiúradh ár bpláinéid. Táim ag tnúth le hoibriú i dteannta a chéile chun spriocanna an phlean seo a sholáthar, chun teacht ar shlite nua le tionchar i gcomhar a bhaint amach agus chun pobal a chruthú ina bhfuil áit ag an uile dhuine.

Táim buíoch den iliomad comhghleacaithe agus páirtithe leasmhara a raibh baint lán de bhrí acu leis na próisis chomhairlliúcháin agus aiseolais agus an plean seo á réiteach, rud a chinntíonn go léirítear ann an fhís atá againn go léir don am atá le teacht. Ba dheas liom obair na Meithle a chomheagraigh an Straitéis seo a stiúraigh próiseas ullmhúcháin an phlean seo, ar fhaomh Coiste Rialaithe COC é i mí na Nollag 2022.



**AN TOLLAMH JOHN O'HALLORAN**
Uachtarán





# Brollach

Ollscoil chuimsitheach, bunaithe ar thaighde agus ar chúrsaí domhanda is ea COC ina bhfuil níos mó ná 24,000 mac léinn, 3,200 ball foirne agus níos mó ná 200,000 alumni ar fud na cruinne. As measc na mac léinn, tá 4,000 mac léinn idirnáisiúnta againn as 138 tír ar fud an domhain. Eascraíonn féiniúlacht COC as raon leathan caidreamh ó thaobh pobail, oideachais, seirbhíse sláinte, tionsclaíochta, ealaíon agus oidhreachta de. Tá raon fairsing comhpháirtíochtaí ar fud an domhain forbartha againn atá mar bhonn eolais don churaclam agus don taighde seo againne.

Áit is ea an ollscoil seo ina bhfaigheann gach mac léinn blaiseadh d'éifeacht chlaochaitheach an ardoideachais beag beann ar an aois atá acu ná an t-ábhar staidéar, chun a n-acmhainneacht a chomhlíonadh agus fís na rathúlachta ag gach duine acu. Cothaímid cumas ach tacaíocht, dúshláin agus meantóireacht a sholáthar dár gcuid mac léinn. Treisíonn Ionad na Scileanna dár gcuid croí-fhoghlaim na mac léinn agus scileanna trasnaí á bhforbairt acu. Soláthraímid raon leathan scoláireachtaí chomh maith le Clár ar leithligh do Mhic Léinn Chumasacha Quercus. Táimid tiomanta do rannpháirtíocht, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a leathanú. Tagann suas le ceathrú dár gcuid mac léinn ó chúlraí neamhthraidisiúnta agus tá cosáin bhreisoideachais forbartha againn in 75% dár gcuid clár fochéime. Faoi réir ag *Creat Rathúlachta na Mac Léinn* dár gcuid, tá réimse gníomhaíochtaí ar bun chun torthaí dearfacha a chothú do mhic léinn faoin gcreatlach *Begin, Belong* agus *Become*.

Fásann an rathúlacht seo againne as 3,200 ball foirne atá cumasach, gríosaithe agus tiomanta, rud a chuireann ar ár gcumas a bheith uaillmhianach inár gcuid cuspóirí agus gaiscí. Baill foirne idirnáisiúnta is ea trian díobh seo, agus mar sin tá dearcadh domhanda ar ár gcuid taighde agus teagaisc. Táimid tiomanta d'áit oibre éagsúil, ionchuimsitheach agus chothrom a sholáthar ina mbláthaíonn ár gcuid ball foirne go léir. Táimid tiomanta do phrionsabail Athena SWAN (2021) a chur i bhfeidhm agus soláthraímid Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (EDI) sna creataí ag leibhéal na hinstitiúide.

Instiúid cheannródaíoch ó thaobh an taighde de is ea COC agus tá dea-theist dhomhanda air i réimsí éagsúla lena n-áirítear bia agus an micribhithóm, inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na hearáide, fótonaic agus fisic chandamach. Tá cuid de mhórionaid taighde na hÉireann lonnaithe in COC. Orthu seo tá, Institiúid Náisiúnta Tyndall (micreachórais, fótonaic, ríomhaireacht chandamach, nanaitheicneolaíocht), APC Micribhithóm Éireann (sláinte ghastraistéigeach, bia feidhmeacha) agus an Institiúid um Thaighde Comhshaoil (gníomhú ar son na haeráide, sochaí inbhuanaithe agus geilleagar ciorclach). Cothaímid feabhas i ngach réimse taighde agus oibrímid chun tionchar dearfach áitiúil agus domhanda a imirt lenár gcuid taighde, teagaisc agus caidrimh leis an tsochaí.

Ollscoil chónasctha is ea COC agus le linn chur i bhfeidhm Straitéis Acadúil 2018-2022, chuireamar tús le Curaclam Cónasctha agus Clár Thréithe an Chéimí d'fhonn oideachas ar leith a chur ar fáil do mhic léinn, ina bhfuil nasc soiléir idir an curaclam agus taighde, infhostaitheacht, caidreamh pobail, Cuspóirí



Forbartha Inbhuanaithe agus disciplíní eile mar aon leis an saol mór.

Tá COC lonnaithe sa dara cuan nádúrtha is mó ar domhan agus i gcroílár na tionsclaíochta fuinnimh, bia, cógaisíochta, Theicneolaíocht na Faisnéise in Éirinn. Ó Chorcaigh a thagann níos mó ná 25% de na riachtanais fuinnimh náisiúnta agus tá seacht gcinn de na deich mórchomhlacht chógaisíochta is fearr ar domhan lonnaithe i gCúige Mumhan mar aon le ceithre cinn de mhórchomhlachtaí bia na hÉireann.

Comhartha láidir den spéis a léirímid sa cheantar máguaird is ea an caidreamh leis na ceantair Ghaeltachta sa réigiún. Aithnímid tábhacht Ghaeltachtaí Phort Láirge, Chorcaí agus Chiarraí in oidhreacht na hollscoile agus is mian linn an fhéiniúlacht seo a chothú ach comhpháirtíochtaí cruthaitheacha a fhorbairt. Aithnímid ár n-oidhreacht Ghaeilge mar ghné fhíorthábhachtach d'fhéiniúlacht shainiúil na hollscoile. Táimid tiomanta dár gcuid ceangal faoi Acht na dTeagnacha Oifgiúla (2003 agus leasú, 2021) agus do chur chun cinn na Gaeilge agus na Gealtachta mar atá leagtha amach in *Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge 2010-2030*.

Aithnímid caidreamh 'tríú misean na n-ollscoileanna' mar chroílár fhís agus pholasaí an ardoideachais in Éirinn agus san Eoraip amach anseo. Tá taighde agus nuálaíocht ghafa mar phríomhuirlis chun dul i ngleic le dúshláin shochaíocha agus chomhshaoil na hÉireann arna leagan amach in *Impact 2030: Ireland's Research and Innovation Strategy*. Cothaímid an misean seo de chomhoibriú agus de chomhchruthú leis an tsochaí agus cultúr uile-ollscoile á bhunú againn ina mbraitheann baill foirne, mic léinn agus comhpháirtithe seachtracha gur mór againn iad agus go dtugtar tacaíocht dóibh chun taighde gafa a sholáthar mar aon le foghlaim phobail agus caidreamh poiblí.

24k
mac léinn ó **138 tír** ar fud an domhain

3.2k
**ball foirne** ar fud na hollscoile

An 7ú
hollscoil is inbhuanaithe ar domhan (*UI Green Metric*)

Níos mó ná 200k
**alumni** COC ar fud na cruinne

Táimid ar an gcéad ollscoil ar domhan a bhfuil Brat Glas aici, agus cúis mhórtais dúinn ár gceannaireacht inbhuanaitheachta agus rangaítear COC de shíor i measc na 10 n-ollscoil is inbhuanaithe ar domhan i Rangú Domhanda *UI GreenMetric*.

Tá an plean seo faoi réir ag Acht na nOllscoileanna (1997) agus ag cleachtais idirnáisiúnta, polasaí náisiúnta, éiteas feabhsaithe cáilíochta na hollscoile, agus an dea-chleachtas is fearr ó thaobh rialachais, comhlíonta faisnéise agus próiseas bainistíochta riosca de. Forbraíodh é bunaithe ar an eolas a éiríonn as próiseas comhairliúcháin leathan go hinmheánach agus go seachtrach.Agus ár gcuspóirí, cuir chuige straitéiseacha agus gníomhartha tosaíochta go dtí an bhliain 2028 á leagan amach againnn, braitheann na cuspóirí ar a chéile agus cuireann siad lena chéile. Tá siad ar fad ar chomhchéim. D'fhonn éirí go geal lena bhfuil leagtha amach sa phlean, beidh gá le comhoibriú le chéile mar aon phobal ollscoile amháin.

# Ár **bhFís**

Déanann COC daoine a nascadh le chéile agus cuireann sé ar a gcumas eolas a chruthú a mhúnlaíonn domhan inbhuanaithe agus ionchuimsitheach.

# Ár **Misean**

Tá sé mar mhisean ag COC timpeallacht agus cultúr ionchuimsitheach a chruthú agus a chothú a éascaíonn taighde agus foghlaim chlaochlaithe ar mhaithe leis an tsochaí agus lenár bpláinéad.

# Ár **Luachanna**

Tá sé tábhachtach luachanna ar leith a bheith againn dár n-eagraíocht i dtreo is go dtreoraíonn siad iompar agus cinnteoireacht laethúil. Is iad croí-luachanna COC:

**B** áúlacht

**L** úfaireacht

**I** onracas

**M**eas

**F** ionnachtain

**C** othromas

**C** untasacht

**I** nbhuanaitheacht

Seasann na luachanna seo dár gcuid as Béarla don fhocal CAIRDEAS agus tá siad mar thaca lenar gceangail agus lenár gcaidreamh le pobal áitiúil agus domhanda COC agus lenár bpáirtithe uile.






# Cuspóirí

## Cuspóir a hAon: **Taighde agus Nuálaíocht**

Taighde agus nuálaíocht a chur ar fáil a imríonn tionchar agus a théann i ngleic le mórdhúshláin dhomhanda i sainréimsí feabhais trí chreat Todhchaíochtaí COC, rud a tharraingeoidh dea-cháil orainn ó thaobh taighde de.

## Cuspóir a Dó: **Rathúlacht na Mac Léinn**

Timpeallacht dhigiteach foghlama a chur ar fáil atá dírithe ar mhic léinn agus atá ionchuimsitheach mar aon le *Curaclam Cónasctha* agus eispéireas iontach do na mic léinn, i dtreo is go mbeidh céimithe COC in ann tionchar dearfach a imirt.

## Cuspóir a Trí: **Caidreamh Domhanda**

Teist idirnáisiúnta COC a fhás agus ár dtionchar domhanda a leathanú.

## Cuspóir a Ceathair: **Ár bhFoireann, Ár gCultúr**

Plean forásach Daoine agus Cultúir a chur i bhfeidhm d'fhonn ár gcumas a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil.

## Cuspóir a Cúig: **Ár nÁit, Lorg Ár gCos**

Athrú as cuimse a dhéanamh ar ár gcuid cleachtas, ar úsáid spáis agus teicneolaíochta chun ár gcuspóirí uaillmhianacha maidir le hinbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide a chomhlíonadh.

# Cuir Chuige Straitéiseacha chun ár gcuid Cuspóirí a Bhaint Amach

## Cuspóir a hAon: **Taighde agus Nuálaíocht**

1.1 Creat *Todhchaíochtaí COC* a chur i bhfeidhm faoi réir ag speisialú cliste agus SDGanna na Náisiún Aontaithe.

1.2 Fostaíocht straitéiseach a fheabhsú chomh maith le coinneáil agus forbairt ár mball foirne ag gach céim dá ngairmeacha, arna dtacú ag éiceachóras taighde agus creat gairmeacha.

1.3 Líon na mac léinn PhD a mhéadú, eispéireas na mac léinn taighde a fheabhsú agus taighde agus nuálaíocht a leabú inár gcuraclam.

1.4 Cultúr COC a athrú ó bhonn ach taighde gafa agus taighde oscailte a chur i bhfeidhm, a bhfuil ionracas acadúil agus cleachtadh eiticiúil agus freagrach mar bhonn aige.

1.5 Cultúr nuálaíochta agus campas fiontraíoch a chruthú, a bhfuil éiteas de chruthaitheacht agus fionnachtain mar bhonn acu.

## Cuspóir a Dó: **Rathúlacht na Mac Léinn**

2.1 Plean acadúil a chur i bhfeidhm chun an *Curaclam Cónasctha* agus foghlaim fadsaoil a threisiú, rud a chuirfidh le rathúlacht oideachasúil agus ghairmiúil na mac léinn go léir.

2.2 A bheith mar rogha ollscoil i dtaca le staidéar iarcheime i sainréimsí feabhais agus cosáin a fhorbairt d'fhonn rochtain a fhairsingiú ar chláir ag gach leibhéal.

2.3 Trealamh, saoráidí, seirbhísí agus iostas den chéad scoth a fhorbairt agus a sholáthar.

2.4 Tacú le rathúlacht, sláinte agus folláine na mac léinn bunaithe ar ghuth na mac léinn.

2.5 Eispéireas foghlama agus teagaisc, atá cumasaithe go digiteach, a sholáthar, a thapaíonn an deis chéanna do chách agus ina bhfuil Priosabail Dearaidh Uilíoch[1].

## Cuspóir a Trí: **Caidreamh Domhanda**

3.1 Plean Caidrimh Dhomhanda a fhorbairt a ghríosaíonn cur chuige straitéiseach i leith idirnáisiúnaithe agus a threisíonn ár bpróifíl dhomanda.

3.2 Feabhas suntasach a chur ar chlú seachtrach agus tionchar branda de chuid COC, lena n-áirítear dlús a chur le háit COC i rangú domhanda na n-ollscoileanna.

3.3 Ár gcuraclam agus taighde a idirnáisiún ach comhpháirtíochtaí agus soghluaisteacht straitéiseach a chur ar bun.

3.4 Níos mó éagsúlachta i measc ár gcuid ball foirne agus mac léinn a chur chun cinn faoi réir ag ár luachanna, an úsáid a bhainimid as ról COC mar *Ollscoil Tearmainn* san áireamh.

3.5 Alumni, cairde, agus comhpháirtithe a chur ar an eolas, a chumasú agus a ghríosú chun tacú lenár gcuid mianta.

## Cuspóir a Ceathair: **Ár bhFoireann, Ár gCultúr**

4.1 Plean Daoine agus Cultúir a chur i bhfeidhm d'fhonn cumas domhanda a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil.

4.2 Cultúr cothromais, éagsúlachta, ionchuimsithe agus muintearais in COC, ag fáiltiú roimh ár ndifríochtaí mar phríomhbhua na hinstitiúide.

4.3 Samhail Thodhchaí na hOibre, a chur i bhfeidhm, arna gríosú ag cultúr ardfheidhmíochta, forbairt ghairmiúil, feabhas agus cumarsáid éifeachtach.

4.4 Creataí forbartha gairmeacha agus cláir struchtúrtha a bhunú chun tacú le gach catagóir de bhaill foirne agus iad ar a dturas gairme.

4.5 Ceannairí a fhorbairt agus bainistíocht feidhmíochta feabhsaithe agus éifeachtach a sholáthar a thugann aitheantas agus ómós d'fheidhmíocht láidir agus a líonann na bearnaí.

## Cuspóir a Cúig: **Ár nÁit, Lorg Ár gCos**

5.1 Réitigh nuálacha inbhuanaitheachta a fhorbairt maidir le tionchar áitiúil, náisiúnta, réigiúnach agus domhanda agus inbhuanaitheacht a leabú i dtionscnaimh oideachais, taighde, oibríochtaí agus aitheantais do bhaill foirne agus mic léinn.

5.2 Oibriú le comhlachtaí áitiúla agus náisiúnta chun bonneagar, spás agus sóchmainní ar leithligh a optamú agus a fheabhsú chun luach a ghiniúint do COC agus do Chorcaigh mar áit.

5.3 Ár gcampas cónasctha digiteach a fheabhsú chun cur le nuálaíocht, lúfaireacht agus feabhas, rud a chlaochlóidh ár gcuid oibre agus foghlama.

5.4 Ár gclár caipitiúil a fhorbairt faoi réir ag *Máistirphlean Campais COC* agus ár gcuspóirí neodracha ó thaobh carbóin de ina bhfeabhsaítear foirgnimh agus tailte atá ann cheana.

5.5 Athshamhlú a dhéanamh ar mhodhanna oibre ach deiseanna a thapú inár gcuid timpeallachtaí fisiciúla agus digiteacha.

1. Tá Dearadh Uilíoch (UD) ina chreat chun ionchuimsiú sa timpeallacht foghlama a fheabhsú, a optamú agus a chinntiú.



# Cuspóir 1:
# **Taighde agus Nuálaíocht**

Taighde agus nuálaíocht a chur ar fáil a imríonn tionchar agus a théann i ngleic le mórdhúshláin dhomhanda i sainréimsí feabhais trí chreat *Todhchaíochtaí COC*, rud a tharraingeoidh dea-cháil orainn ó thaobh taighde de


Tá sé mar aidhm againn a bheith mar an gcéad ollscoil in Éirinn ó thaobh taighde agus nuálaíochta de, bunaithe ar an gclú atá bainte amach againn i gcúrsaí fionnachtana, ionracais taighde agus inbhuanaitheachta. Tabharfaimid tús áite do dhul i ngleic leis na mórhdhúshláin dhomhanda faoi réir ag SDGanna na Náisiún Aontaithe agus chreat *Todhchaíochtaí COC*.


Clár uaillmhianach is ea creat Todhchaíochtaí COC a bhfuil sé mar aidhm aige athrú as cuimse a dhéanamh ar chúrsaí taighde anseo in COC. D'fhonn an t-athrú a ghríosú, ní mór dúinn glacadh leis agus ár gcuid modheolaíochtaí agus cleachtas oibre a chlaochlú. Agus sinn ag díriú ar dheich dtéama idirdhisciplíneacha a eascraíonn as saineolas sna heolaíochtaí nádúrtha, na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí, cuirfimid cur chuige iomlánaíoch ar bun a chónascann oideachas, taighde agus malartú eolais chun réitigh a fhorbairt atá dírithe ar mhórdhúshláin dhomhanda. Ní raibh sé riamh chomh tábhachtach taighde agus eolas a aistriú i réitigh nuálacha, chothroma agus inbhuanaitheacha a sholáthraíonn luach agus tionchar i bhfíor-chomhthéacsanna domhanda. Mar léiriú air seo, tabharfaimid tús áite do chleachtais *ghafa* agus *oscailte*, agus iad leagtha amach i gcultúr nuálaíochta agus fiontraíochta.

Cuirfear le claochlú éiceachóras taighde faoi *Todhchaíochtaí COC* ach straitéisí a chur ar bun a mheallfaidh agus a choinneálfaidh cumas chun barr feabhais a chur ar ár gcuid saineolais agus cumais chun taighde den chéad scoth a sholáthar. Díreoimid ar mhéadú a dhéanamh ar líon na mball foirne taighde agus iarrthóirí dochtúireachta atá againn sna réimsí téamacha de *Todhchaíochtaí COC*, agus cuirfear i bhfeidhm curaclam bunaithe ar thaighde. Bunófar nasc idir taighde agus nuálaíocht agus cothóidh ár gcuraclam dea-theist COC maidir le feabhas i réimsí straitéiseacha.

San áireamh i dtáscairí rathúlachta ár dTaighde agus Nuálaíochta, gnóthófar €130 milliún ó chláir mhaoinithe *Horizon Europe* faoin mbliain 2028, agus 20 dámhachtain breise ó Chomhairle Taighde na hEorpa. Oibreoimid leis an rialtas agus athbhreithniú agus athchóiriú á ndéanamh acu ar thacaíochtaí do mhic léinn PhD, agus é i gceist againn méadú suntasach a chur ar líon na n-iarrthóirí a chlárófar gach bliain. Díreoimid ar mhéadú de 10% in aghaidh na bliana a dhéanamh ar thorthaí scolártha ar an iomlán i ngach saghas foilseacháin agus nuair a bheidh rochtain oscailte ag níos mó ná 65% d'fhoilseacháin faoin mbliain 2028. Beidh baint amach ár spriocanna tráchtálaithe taighde mar thosaíocht faoin gcreat um Aistriú Eolais Éireann. Beidh táscairí breise rathúlachta againn a ndéanfar forbairt orthu le linn chur i bhfeidhm an phlean seo agus faoi réir ag an straitéis náisiúnta a bhíonn ag athrú agus ár gcuid uaillmhianta féin.

> "Ní raibh sé riamh chomh tábhachtach taighde agus eolas a aistriú i réitigh nuálacha, chothroma agus inbhuanaitheacha a sholáthraíonn luach agus tionchar i bhfíor-chomhthéacsanna domhanda"





# Taighde agus Nuálaíocht

## Cuir Chuige Straitéiseacha agus Príomh-Ghníomhartha

### 1.1 Creat *Todhchaíochtaí COC* a chur i bhfeidhm faoi réir ag speisialú cliste agus SDGanna na Náisiúna Aontaithe.

i. Gníomhaíochtaí taighde COC a chur laistigh de na deich dtéama idirdhisciplíneacha i gcreat *Todhchaíochtaí COC*. Tacóidh amhlaidh le taighdeoirí iomaíocht rathúil a dhéanamh ar mhaoiniú agus déanfaidh sé taighde nuálaíoch a ghríosú atá bunaithe ar réitigh.

ii. Mapáil tionchair a leabú inár n-éiceachóras taighde chun gur féidir le taighdeoirí uile na naisc a chur in iúl idir a gcuid taighde agus mórdhúshláin an domhain trí chreat SDGanna na Náisiún Aontaithe. Tús áite a thabhairt do thaighde ina n-imreoidh COC ról an-mhór.

iii. Struchtúirí a fhorbairt don fhoireann acadúil chun tús áite a thabhairt do thaighde agus foilseacháin taighde in irisí móra piar-athbhreithnithe.

iv. Critéir feabhais ó thaobh taighde agus nuálaíochta de a fhorbairt a léiríonn éagsúlacht na dtorthaí taighde a phléann le gaiscí agus rathúlacht shaindisciplíneach.

v. An tionchar is fearr a chinntiú maidir leis an tsochaí, an cultúr agus an geilleagar ach comhoibriú gníomhach tras-disciplíneach a chur ar bun lenár bpobail sa chathair, sa réigiún go náisiúnta agus go hidirnáisúnta.

### 1.2 Fostaíocht straitéiseach a fheabhsú chomh maith le coinneáil agus forbairt ár mball foirne ag gach céim dá ngairmeacha, arna dtacú ag éiceachóras taighde agus creat gairmeacha.

i. Cur chuige fostaíochta straitéiseach a úsáid faoi réimsí téamacha *Todhchaíochtaí COC* ina bhostófar acadóirí uile anois a léiríonn an cumas chun maoiniú clúiteach a ghnóthú ar nós Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC) nó a cothrom.

ii. Tacú le clár oibre feabhsaithe, méadú a dhénamh ar líon na ndámhachtainí ERC a ghnnóthaíonn taighdeoirí COC.

iii. Comhoibriú go dlúth le príomhpháirtithe leasmhara chun tionchar a imirt ar pholasaí agus straitéis maoinithe taighde náisiúnta agus de chuid an AE.

iv. Athbheithniú a dhéanamh ar pholasaí Leithdháilte Chostais Taighde agus Ciste Taighde Straitéisigh a bhunú.

v. Clár Cumasaithe Digiteach a sholáthar chun lántairbhe a bhaint as sonraí agus bonneagar a thacaíonn le cuspóirí straitéiseacha na hisntitiúide le linn shaolré an taighde.

### 1.3 Líon na mac léinn PhD a mhéadú, eispéireas na mac léinn taighde a fheabhsú agus taighde agus nuálaíocht a leabú inár gcuraclam.

i. Tionchar a imirt ar leasú na dtacaíochtaí stáit do thaighdeoirí PhD.

ii. Plean gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun líon na mac léinn agus n-ánrachtaí dochtúireachta a mhéadú.

iii. Tús áite a thabhairt do chláir PhD struchtúrtha i sainréimsí feabhais ar féidir a fhorbairt de réir scála.

iv. Éispéireas na mac léinn PhD a fheabhsú ach cláir struchtúrtha a chur ar fáil mar aon le tacaíocht feabhsaithe do stiúrthóirí agus deiseanna a mhéadú maidir le PhDanna bunaithe ar chleachtadh. Cláir mheantóireachta agus stiúrthóireachta a rianú agus a bhunú ag an *Tionscadal Riaracháin Taighde* (RAP) agus iad leabaithe faoi réir ag *Clár Thréithe an Chéimí* (GAP) dár gcuid.

v. Deimhin a dhéanamh de go leabófar feabhas taighde, go háirithe mar a léirítear amhlaidh in *Todhchaíochtaí COC*, laistigh den churaclam, rud a chuirfidh ar chumas mhic léinn COC oideachas a bhlaiseadh atá cuimsitheach agus bunaithe ar thaighde.

## 1.4 Cultúr COC a athrú ó bhonn ach taighde gafa agus taighde oscailte a chur i bhfeidhm, a bhfuil ionracas acadúil agus cleachtadh eiticiúil agus freagrach mar bhonn aige.

i. An chéad Chairt Taighde de chuid COC a sheoladh, chun athrú ar chultúr an taighde a chur chun cinn agus chun timpeallacht iomlánaíoch taighde agus nuálaíochta a chur i bhfeidhm.

ii. Polasaithe agus modhanna a fhorbairt d'fhonn tacaíocht a thabhairt do scaipeadh éifeachtach saineolais taighde agus lántairbhe a bhaint as tionchar a imirt ach cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh i dtaca le prionsabail leabaithe agus cleachtais taighde oscailte.

iii. Tacú ar bhonn gníomhach le baill foirne agus mic léinn chun tabhairt faoi thaighde agus modheolaíochtaí suaithinseacha ina bhfuil spéis acu go léir i gcomharthaighde gafa 'leis' agus 'laistigh' den tsochaí ar nós *Public Patient Involvement, Inclusion Health, Evidence for Public Policy agus Citizen Science*. Iarrachtaí for-rochtana poiblí a fheabhsú i ndáil lenár dtionscnaimh taighde, idir chomharthaighde gafa agus eile, d'fhonn cur le caidreamh an phobail le cúrsaí taighde agus na gnéithe praiticiúla a bhaineann leis sin.

iv. Tacaíochtaí a chur ar fáil a chinntíonn maoirseacht sonraí atá cothrom, nó FAIR (*Findable, Accessible, Interoperable agus Resuable*).

v. Deimhin a dhéanamh de go dabharfaidh timpeallacht COC tacaíocht do thaighde ar ardchaighdeán eiticiúil, agus go gcuirfear an oiliúint chuí ar thaighdeoirí.

vi. Cur le feabhas taighde agus tionchar ach comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a bheith mar dhlúthchuid de ghníomhaíocht taighde agus í á dearadh, á cur i bhfeidhm agus á monatóiriú.

## 1.5 Cultúr nuálaíochta agus campas fiontraíoch a chruthú, a bhfuil éiteas de chruthaitheacht agus fionnachtain mar bhonn acu.

i. Ár mbearta malartaithe eolais a mhéadú ach ailíniú straitéiseach a dhéanamh le creat *Todhchaíochtaí COC*. Méadú ar bhonn suntasach a dhéanamh ar líon na seach-chuideachtaí a eascraíonn as taighde COC, a chruthóidh fostaíocht, a ghríosóidh fiontraíocht agus a spreagfaidh infheistíocht in earnáil na n-ollscoileanna.

ii. Clár *Fiontraí Cónaithe* a chruthú chun cur le tionchar ár gcuid taighde agus nuálaíochta, mar aon le tionscadail, táirgí agus seirbhísí ar mhaithe leis an tsochaí a chur ar bun. Mol Fiontraíochta/ Gnólachtaí Nuathionscanta na Mac Léinn nua a chruthú laistigh de bhonneagar na hollscoile atá ann cheana.

iii. Aonad um chaidreamh gnó seachtrach a chur ar bun chun cur le caidreamh leis na príomhearnálacha agus chun feabhas a chur ar ghníomhaíocht tráchtála, go háirithe le fiontraíocht dhúchasach.

iv. Raon leathan de ghnéithe cruthaitheachta ó thaibhléiriú agus cumadóireacht go dtí fionnachtain agus aireagán le cur san áireamh, rud a chuirfidh le malartú eolais agus comhoibriú taighde tras-disciplíneach.








# Cuspóir a Dó:
# **Rathúlacht na Mac Léinn**

Timpeallacht dhigiteach foghlama a chur ar fáil atá dírithe ar mhic léinn agus atá ionchuimsitheach mar aon le *Curaclam Cónasctha* agus eispéireas iontach do na mic léinn, i dtreo is go mbeidh céimithe COC in ann tionchar dearfach a imirt.

Tá COC tiomanta d'eispéireas den chéad scoth, agus atá solúbtha, a chur ar fáil do mhic léinn, ag tacú leo a rogha gairm agus a dtorthaí forbartha pearsanta a bhaint amach. Leathanófar agus leabófar a thuilleadh an *Curaclam Cónasctha* mar shlat tomhais chun eispéireas na mac léinn a fheabhsú, agus é mar aidhm aige cuimsitheacht churaclaim a sholáthar do mhic léinn bunaithe ar theagasc bunaithe ar thaighde, infhostaitheacht, inbhuanaitheacht, cúrsaí idir- agus tras-disciplíneacha, tionchar domhanda agus caidreamh sibhialta leis an bpobal.

Chun an cuspóir seo a bhaint amach, oibreoimid lenár gcomhphairtithe breis- agus ardoideachais i dtreo is go bhfairsingeofar agus go n-éagsúlófar na cosáin isteach chun na hollscoile, rud a chuirfidh rochtain mhéadaithe ar fáil mar aon le heispéireas cothrom oideachais do mhic léinn ag gach léibhéal, arna chuimsiú ag polasaí agus tacaíocht náisiúnta. Tacóidh *Clár Thréithe an Chéimí* dár gcuid, a aithníonn na croíghnéithe a bhíonn ag teastáil ó chéimithe, ár gcuid iarrachtaí chun teacht i gcabhair ar mhic léinn agus iad ag teacht chun na hollscoile, fad is a bheidh siad anseo agus nuair a fhágfaidh siad. 'Ón Dearcán go dtí an Dair Mhór' is ea an turas a dheineann na mic léinn go léir agus iad ag freastal ar COC, agus fás suntasach i ndán dóibh ar bhonn acadúil, pearsanta agus sóisialta. Cothaímid cumas ach tacú lenár gcuid mac léinn mar aon le




dúshláin agus meantóireacht a chur ar fáil dóibh le raon leathan scoláireachtaí. Ag leibhéal na hiarchéime, beimid mar rogha ollscoil do chéimithe inár sainréimsí taighde agus leanfaimid de bheith ag obair le gníomhaireachtaí rialtaí agus fostóirí chun polasaí a fhorbairt chomh maith le cistí maoinithe a aimsiú a éascóidh roghanna solúbtha agus páirtaimseartha ag leibhéal na hiarchéime.

Cuirfimid timpeallacht feabhsaithe foghlamtha dhigiteach chun cinn, faoi réir ag prionsabail Dearaidh Uilíoch agus raon dinimiciúil agus solúbtha d'oideolaíochtaí. Mar fhreagra ar an gcúigiú réabhlóid thionsclaíoch atá ag éabhlóidiú go mear, leanfaidh COC de bheith ag soláthar cumas agus scileanna trasnaí dár gcuid mac léinn le haghaidh na haoise digití, réiteach fadhbanna casta, machnamh criticiúil agus cruthaitheacht san áireamh. Díreoidh COC chomh maith ar chláir a fhorbairt i réimsí straitéiseacha feabhais d'fhonn cur le cumas na mac léinn dul chun cinn a dhéanamh ina saol gairmiúil agus tionchar dearfach a imirt ar an tsochaí.

Tá sé mar bhunchloch ag rathúlacht na mac léinn, go mbeadh eispéireas den scoth acu, atá bunaithe ar ár gcuid luachanna: báúlacht, meas, cothromas agus inbhuanaitheacht. Ina theannta sin, ní mór mic léinn COC a ullmhú le bheith mar shaoránaigh dhomhanda éifeachtacha, a imríonn tionchar dearfach ar an tsochaí. Leanfaimid orainn de bheith ag cothú pobail ina léirítear éagsúlacht na sochaí, ina n-aithnítear ionchuimsiú agus ina gceiliúrtar agus ina bpléitear le peirspictíochtaí éagsúla a thugann léargas, taithí agus múnlú dár ndomhan. Glacfaimid le mic léinn mar chomhpháirtithe agus mar shaineolaithe ina gcuid eispéiris ollscoile, rud a chinnteoidh go mbeidh guth na mac léinn le clos i ngíomhaíochtaí agus cinnteoireacht de chuid COC. Faoi réir ag Creat *Rathúlacht na Mac Léinn*, cuirfear raon leathan tionscnamh ar bun d'fhonn tacú le sláinte agus folláine ár gcuid mac léinn, rud a thacóidh lena gcuid rathúlachta in COC agus ina dhiaidh sin.

Agus sinn ag aithint go bhfuil riachtanais éagsúla ag gach mac léinn, bainfimid leas as cur chuige iomlánaíoch agus freagrúil a thacóidh le sláinte fhisciúil agus shóisialta agus meabhairshláinte mhic léinn uile in COC. Cinnteoimid go dtuigfimid riachtanais ár gcuid mac léinn go léir agus go gcuirfimid an dea-chleachtas is fearr ar fáil agus timpeallacht ionchuimsithe, shábháilte agus thacúil a chruthú ina mbraithfidh siad ar a suaimhneas.

Mar aon leis na cuspóirí coinneála uaillmhianacha, beidh ár gcuid táscairí rathúlachta dírithe ar thorthaí dearfacha na mac léinn san oideachas agus ó thaobh infhostaitheachta de. Leathanóimid naisc le príomh-chomhpháirtithe tionsclaíochta mar bhonn dár gcuraclam agus cuirfimid breis le gníomhaíochtaí shocrúchán na mac léinn. Cuirfimid le rannpháirtíocht faoi réir ag *Plean Rochtana Náisiúnta 2022-2028*, agus é mar sprioc againn cóimheas de 17:1 idir baill foirne agus mic léinn a bhaint amach faoin mbliain 2028.

# Rathúlacht na Mac Léinn

## Cuir Chuige Straitéiseacha agus Príomh-Ghníomhartha

### 2.1 Plean acadúil a chur i bhfeidhm chun an *Curaclam Cónasctha* agus foghlaim fadsaoil a threisiú, rud a chuirfidh le rathúlacht oideachasúil agus gairmiúil na mac léinn go léir.

i. *Curaclam Cónasctha* a sholáthar atá ionchuimsitheach agus freagrúil, mar atá léirithe inár *Córas Bainistíochta Curaclaim* a chónascann mic léinn le taighde, Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, fostóirí, an pobal, fiontraíocht agus an domhan féin. Beidh cultúr eagraíochtúil comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe, chomh maith le cumas idirchultúrtha agus teangeolaíochta mar thaca leis seo go léir.

ii. Athbhreithniú cumsitheach ar *Creat Measúnúaithe* COC a dhéanamh agus gníomhartha faofa a chur i bhfeidhm d'fhonn cur le caighdeán eispéireas na mac léinn.

iii. An chumacht a thabhairt do mhic léinn agus do pháirtithe leasmhara a bheith mar rannpháirtithe gníomhacha agus cosáin oideachais a chruthú i gcomhar lena chéile, rud a éascóidh rathúlacht bhreise oideachais, arna tacú ag ionracas acadúil agus feabhas gairmiúil do chách.

iv. Mol Foghlama Fadsaoil a chruthú chun níos mó comhleanúnachais a chur ar bun agus chun soláthar na foghlama solúbtha a chomhtháthú mar aon le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD), suaitheantais dhigiteacha agus micri-dhintiúir d'fhonn cuspóirí forbartha sóisialta, réigiúnacha agus náisiúnta a bhaint amach do na mic léinn go léir.

v. An fhoireann a chónascadh le scoláireacht an teagaisc agus na foghlama ach forbairtí i gcúrsaí teagaisc, measúnaithe agus dearaidh curaclaim. Tacú le baill foirne chun deiseanna a thapú a sholáthróidh foghlaim agus teagasc atá ionchuimsitheach agus gafa a sholáthar lena n-áirítear malairt foghlama, foghlaim fadhb-bhunaithe, foghlaim chumas-bhunaithe agus foghlaim ó thaithí.

### 2.2 A bheith mar rogha ollscoil i dtaca le staidéar iarchéime i sainréimsí feabhais agus cosáin a fhorbairt d'fhonn rochtain a fhairsingiú ar chláir ag gach leibhéal.

i. Sainchláir iarchéime a fhorbairt i réimsí scoth-thaighde ar leith, faoi réir ag creat *Todhchaíochtaí COC*.

ii. Forbairt bhreise a dhéanamh ar chosáin chomhoibritheacha, rud a leabóidh slite ón mbreisoideachas go dtí an t-ardoideachas i gcomhar le comh-institiúidí faoi réir ag forbairtí maoinithe agus polasaí náisiúnta.

### 2.3 Trealamh, saoráidí, seirbhísí agus iostas den chéad scoth a fhorbairt agus a sholáthar.

i. Lántairbhe a bhaint as an tréimhse a chaitheann mic léinn ar an gcampas agus cur leis seo ach caidreamh ar líne éifeachtach a chur ar fáil ar shlí a laghdóidh an tionchar ar an gcomhshaol agus a thabharfaidh caoi dúinn plé ar bhonn solúbhtha le mic léinn neamhthraidisiúnta.

ii. Leanúint le tús áite a thabhairt d'uasghrádú a dhéanamh ar iostas agus ar bhonneagar spóirt an champais.

iii. Oibriú le lucht déanta beartas agus le páirtithe rialtais ina gcuid spriocanna chun iostas, atá méadaithe agus lonnaithe ar an gcampas, a chur ar fáil do mhic léinn agus chun dul i ngleic le costas maireachtála na mac léinn.

iv. Plean saolré caipitiúil a fhorbairt chun athbhreithniú a dhéanamh ar an trealamh atá de dhíth orainn agus chun feabhas a chur air sin.

v. Spásanna foghlama atá inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus cónasctha, ar bhonn fisiciúil agus digiteach, a chruthú chun tacú le mic léinn agus baill foirne a gcuid spriocanna a bhaint amach.

vi. Seirbhísí Leabharlann COC a chosaint agus a fhás mar thaca le foghlaim, teagasc agus taighde. Bailiúcháin chlóite agus dhigiteacha a cheannach i gcónaí, agus digitiú agus caomhnú a dhéanamh ar bhailiúcháin éagsúla ar leith le cur ar fáil go poiblí chun scoláireacht ó chian is ó chóngar a chur chun cinn.

vii. Leanúint le forbairt comhpháirtíochtaí, Córas Acadúil na nEolaíochtaí Sláinte san áireamh, d'fhonn deiseanna foghlama agus taighde a thapú.

## 2.4 Tacú le rathúlacht, sláinte agus folláine na mac léinn bunaithe ar ghuth na mac léinn.

i. Fóram na Mac Léinn a leabú mar thionól ionadaíoch de mhic léinn i dtreo is go mbeidh comhairliúchán agus rannpháirtíocht fhiúntach ann agus leanúint de bheith ag déanamh nasc le mic léinn agus suirbhéanna struchtúrtha a chur ar bun.

ii. Pobal éagsúil de mhic léinn a mhealladh agus a choinneáil faoi réir ag spriocanna *Plean Náisiúnta Rochtana (2022-2028)* agus cur chuige bunaithe ar shonraí á úsáid.

iii. Deimhin a dhéanamh de go dtabharfar aitheantas agus tacaíocht don fhoghlaim neamhfhoirmiúil, obair dheonach agus forbairt scileanna chun deiseanna fadsaoil a bhaineann leis an saol go léir a chothú i dtaca le foghlaim agus caidreamh chun eispéireas ollscoile ar archdaighdeán a sholáthar agus mic léinn ag teacht go COC, fad is a bheidh siad anseo agus nuair a fhágfaidh siad.

iv. Inrochtaineacht agus ionchuimsitheacht i dtaca le seirbhísí agus tacaíochtaí na mac léinn a mhéadú.

v. Tacú le meabhairshláinte na mac léinn agus a gcuid folláine mothúchánaí, sóisialta agus fisiciúla agus pleananna gníomhaíochta á gcur i bhfeidhm faoi réir ag an *Healthy Campus Charter agus an Student Success Framework, Student Mental Health and Wellbeing Strategy,* agus an *Sports Strategy*.

vi. Feabhas a chur ar eispéireas na mac léinn ar an iomlán agus sprioc-chláir i réimsí curaclaim (m.sh *An Curaclam Cónasctha*) agus seach-churaclaim (m.sh. cur le hacmhainní, suirbhéanna struchtúrtha a chur ar mhic léinn, agus cairteacha agus tionscnaimh folláine a chur i bhfeidhm).

vii. Sprioc-thionscnaimh a chur i bhfeidhm a chinnteoidh gur áit shábháilte is ea COC do gach mac léinn, *Creat um Fhoréigean Gnéis* san áireamh.

## 2.5 Eispéireas foghlama agus teagaisc atá cumasaithe go digiteach a sholáthar, a thapaíonn an deis chéanna do chách agus ina bhfuil Priosabail Dearaidh Uilíoch.

i. Agus prionsabail Dearaidh Uilíoch (UD) a chur i bhfeidhm, cinnteofar eispéireas cothrom do chách, i dtreo is go meidh ár gcampas ina thimpeallacht ionchuimsitheach agus mheasúil do mhic léinn agus baill foirne.

ii. *Plean um Oideachas Digiteach* a chur i bhfeidhm.

iii. Punann de chláir sholúbtha, chumaisc agus cláir ar líne a fhorbairt le haghaidh na forbartha gairmiúla, na foghlama fadsaoil agus an oideachais d’fheidhmeannaigh.

iv. Timpeallacht atá forásach ó thaobh na foghlama agus an teagaisc de a leabú agus cur le litearthacht dhigiteach na foirne agus na mac léinn.




Bank of Ireland
UCC HOCKEY


UCC RUGBY
Presidents
Queen's College &
University College
Cork

# Cuspóir a Trí: **Caidreamh Domhanda**

Teist idirnáisiúnta COC a fhás agus ár dtionchar domhanda a leathanú.

Ollscoil dhomhanda is ea COC agus é mar aidhm aige tionchar níos mó a imirt agus sinn ag dul i bhfeidhm ar an domhan go léir. Is mór againn na comhpháirtíochtaí agus na naisc atá againn le daoine aonair, alumní agus eagraíochtaí in Éirinn agus ar fud na cruinne. Deineann na compháirtíochtaí seo againne deiseanna soghluaisteachta chugainn agus uainn a sholáthar agus cinntíonn siad peirspictíocht idirnáisiúnta i ngach a ndeimimid. Tapaíonn siad an deis dúinn leis cultúr agus oidhreacht na hÉireann a léiriú don domhan mór. Tá ár gcuid taighde agus curaclaim bunaithe ar na comhpháirtíochtaí domhanda atá againn agus iad mar thaca lenár n-uaillmhian chun caidreamh níos mó a bheith againn le hinstitiúidí atá ar aon dul linn ar fud na cruinne.

Is ann do Phlean um Chaidreamh Domhanda, atá faoi réir ag brandáil nua agus feachtas margaíochta COC, a oibreoidh chun sochair dúinne agus dár gcompháirtithe bunaithe ar mheas agus comhluachanna shaoránaigh an domhain. Beidh earcú mac léinn idirnáisiúnta mar spreagadh lárnach dúinn i gcónaí inár gcuid cuspóirí chun idirnáisiúnaithe ina n-aithnímid go n-eascraíonn tuiscint dhomhain as eispéireas foghlama a chuireann peispictíochtaí idirnáisiúnta lenár gcuraclam. A bhuí leis na cultúir agus na náisiúntachtaí go léir atá mar chuid dár spásanna taighde agus foghlama, cuirtear go mór le forbairt scileanna cumarsáide domhanda agus le naisc lenár alumni i ngach cearn den domhan. Agus ár gcuraclam á leasú agus ár gclú á fhorbairt againn mar institúid a cheiliúrann agus a fháiltíonn roimh éagsúlacht, meallfaimid mic léinn agus baill foirne idirnáisiúnta a chuirfidh éagsúlacht i bpobal agus curaclam na hollscoile mar léiriú ar an tsochaí idirnáisiúnta ina mairimid. Cuirfimid lenár dtionchar domhanda ach clár uaillmhianach i leith caidrimh alumni a chur ar bun.

Mar institúid diantaighde, atá dírithe ar an domhan agus atá iomaíoch ar bhonn náisiúnta, tá tábhacht nach beag ag baint lenár n-áit sna ranguithe domhanda i dtaca lenár gclú agus lenár bhforbairt sheachtrach. Agus sinn ag iarraidh cur lenár gcaidreamh domhanda, tá sé mar aidhm againn ár n-áit sa rangú domhanda a fheabhsú a thuilleadh agus méadú a dhéanamh ar sciar ár mball foirne agus ár mac léinn idirnáisiúnta. Díreoimid ar chomhpháirtíochtaí a choimeád agus a chothú, agus ailíneoimid ár gcuid iarrachtaí domhandaithe lenár dtosaíochtaí pobail ó thaobh taighde agus gnó de.

Nuair a bheidh cuspóirí agus tosaíochtaí na straitéise seo bainte amach againn, beimid in ann ár lánacmhainneacht a chomhlíonadh agus a bheith mar ollscoil dhomhanda ar leith sa domhan as feabhas agus caighdeán ár gcuid gníomhartha. Bainfimid amach ár gcuid cuspóirí maidir le hidirnáisiúnú agus sinn ag comhlíonadh ár gcuid luachanna agus spriocanna i dtaca le cuspóirí inbhuanaitheachta agus gníomhaithe ar son na haeráide. Mar shlata tomhais den rathúlacht seo beidh méadú ar líon na mball foirne agus na mac léinn idirnáisiúnta agus ar fhás na soghluaisteachta isteach agus amach, lena n-áirítear ollúnachtaí ar cuairt, mic léinn PhD agus socláirí Tearmainn. Beidh an straitéis oideachais, taighde agus nuálaíochta, atá ag fás ar bhonn náisiúnta, mar chúlra dár dtreo amach anseo agus mar shlat tomhais dár gcuid rathúlachta i gcaidreamh domhanda.





# Caidreamh Domhanda

## Cuir Chuige Straitéiseacha agus Príomh-Ghníomhartha

### 3.1 Plean Caidrimh Dhomhanda a fhorbairt a ghríosaíonn cur chuige straitéiseach i leith idirnáisiúnaithe agus a threisíonn ár bpróifíl dhomanda.

i. Leas-Uachtarán um Chaidreamh Domhanda a cheapadh chun forbairt agus feidhmiú Plean um Chaidreamh Domhanda a stiúradh.

ii. Ballraíocht a lorg i ngréasáin dhomhanda d'ollscoileanna a imríonn dea-thionchar.

### 3.2 Feabhas suntasach a chur ar chlú seachtrach agus tionchar branda de chuid COC, lena n-áirítear dlús a chur le háit COC i rangú domhnanda na n-ollscoileanna.

i. Feachtas nua margaíochta agus brandála mar ollscoil ar leith a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear próisis chórasacha scéalaíochta mar mheán chun ár ndea-theist agus ár dtionchar brandála a fheabhsú ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Fáilte a chur roimh mhic léinn agus baill foirne sna hiarrachtaí seo.

ii. Cur le haitheantas agus tábhacht na Gaeilge ar fud na hollscoile le cinntiú go mairfidh ár dteanga agus ár gcultúr.

iii. *An Plean Ealaíon agus Cultúir* a chur chun cinnn mar léiriú ar an méid atá déanta ag COC ar mhaithe leis na healaíona agus lenár gultúr saibhir agus chin cur lenár ndea-theist ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

iv. Dlús a chur faoi áit feabhsaithe COC i ranguithe domhanda áirithe ach tús áite a thabhairt do chur i bhfeidhm príomhréimsí feabhais lena n-áirítear cóimheas idir mic léinn agus baill foirne agus dul chun cinn ó thaobh tagairtí i bhfoilseacháin taighde de.

### 3.3 Ár gcuraclam agus taighde a idirnáisiún ach compháirtíochtaí agus soghluaisteacht straitéiseach a chur ar bun.

i. Forbairt bhreise a dhéanamh ar chompháirtíochtaí straitéiseacha áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta áirithe chun buntáistí follasacha a ghnóthú inár gcuid taighde agus teagaisc.

ii. Cur le láidreacht COC maidir le caidreamh sibhialta agus caidreamh leis an bpobal ar mhaithe le tionchar áitiúil agus domhanda sa taighde, sa teagasc agus i gcompháirtíochtaí straitéiseacha, rud a chuirfidh lenár gclú ar bhonn idirnáisiúnta mar cheannaire machnaimh.

iii. Feabhas a chur ar chaidreamh COC le Erasmus agus Tionscamh um Ollscoileanna Eorpacha mar bharr maise ar ár gcaidreamh domhanda i gcomhar lenár gcomhpháirtithe.

iv. A bheith tiomanta do chur chun cinn na rannpháirtíochta le compháirtithe réigiúnacha i nGréasán Domhanda na gCathracha Foghlama de chuid UNESCO. Sainchuspóirí straitéiseacha a mheas agus agus iadsan a chur i bhfeidhm ó pheirspictíocht foghlama fadsaoil, ionchuimsithe agus inbhuanaitheachta chun freagairt do Plean *Forbartha Náisiúnta 2021-2030* agus do chuspóirí forbartha réigiúnaí.

## 3.4 Níos mó éagsúlachta i measc ár gcuid ball foirne agus mac léinn a chur chun cinn faoi réir ag ár luachanna, an úsáid a bhainimid as ról COC mar *Ollscoil Tearmainn*.

i. Cur le soghluaisteacht isteach agus amach ár gcuid mac léinn agus ball foirne, cláir mhalairte agus saoire shabóideach san áireamh.

ii. Lon na mac léinn agus na mball foirne idirnáisiúnta a mhéadú faoi réir ag ár gcuspóirí idirnáisiúnaithe.

iii. Plean Gníomhaíochta mar Ollscoil Tearmann a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

## 3.5 Alumni, cairde, agus comhpháirtithe a chur ar an eolas, a chumasú agus a ghríosú chun tacú lenár gcuid mianta.

i. Ioncam daonchairdeas a choinneáil agus a fhás.

ii. Na príomhthionscadail tosaíochta a shainaithint ar mhaithe le feachtas tiomsaithe airgid amach anseo.

iii. Díriú níos mó ar an gcaidreamh le deontóirí agus maoirseacht mar chomartha buíochais agus ómóis do chomphpáirithe agus cairde COC ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

iv. Gréasán d'ambasadóirí alumni (deonacha) a earcú, tacú leo agus a mhaoirsiú chun tcaú le daonchairdeas, branda, dea-theist, caidreamh domhanda agus earcú idirnáisiúnta.

v. Athruithe i gcaidreamh le alumni agus le páirithe leasmhara a bhaint amach ach sprioc-chláir chaidrimh, chéimithe, nua a chur ar bun a théann chun sochair don dá thaobh ar bhonn soiléir.










# Cuspóir a Ceathair: **Ár bhFoireann, Ár gCultúr**

Plean forásach Daoine agus Cultúir a chur i bhfeidhm d'fhonn ár gcumas a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil.

Bainfimid leas as ár bPlean Daoine agus Cultúir chun timpeallacht mheasúil agus bháúil a chruthú ina mbraitheann baill foirne a gcuid fiúntais agus iad ag baile i bpobal na hollscoile. Beidh sé d'acmhainn acu fás agus beidh deiseanna acu oibriú ar bhonn solúbtha de bharr thábhacht na folláine agus na cothromaíochta idir chúrsaí na hoibre agus chúrsaí an tsaoil. Ó thaobh pheirspictíocht daoine agus cultúir de, na dúshláin is mó ná an cumas chun baill foirne ar ardchaighdeán a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil. Léirítear sa fhreagra ó chách ar na dúshláin le blianta anuas go bhfuil an ollscoil in ann dul chun cinn a dhéanamh in ainneoin cúinsí casta as an ngnáth. Sna blianta atá romhainn, beidh an deis againn COC a athrú o bhonn agus athruithe bríocha sa tsochaí a chur ar bun faoi réir ag an gcomhchuspóir atá leagtha amach sa phlean straitéiseach seo. Déanfar seo ach iarracht i gcomhar, ina bhforbraímid cleachtais agus polasaithe agus sinn ag dul i ngleic le hathrú straitéiseach atá bunaithe ar mhodheolaíochtaí lúfara agus ciallmhara ó thaobh airgid de. Forbróimid samhail todhchaí na hoibre, a bheidh mar shainmhíniú ar na hathruithe a thiocfaidh ar ár gcuid oibre, ár mbaill foirne agus ár n-áiteanna oibre sna blianta amach romhainn. Bainfear lántairbhe as na teicneolaíochtaí digiteacha is déanaí sa tsamhail seo d'fhonn cleachtais sholúbtha agus inbhuanaithe a sholáthar mar thaca le sláinte agus folláine na foirne. Déanfaimid iarrachtaí chun dea-thionchar a imirt lenár ngníomhartha i gcomhar lena chéile ach cumarsáid shoiléir agus próisis bhainistíochta athraithe in úsáid againn.

Ó thaobh an chur chuige a bheidh againn i leith earcaithe agus coinneála foirne de, tuigimid go bhfuil




éileamh domhanda ar bhaill foirne chumasacha. Is chun tairbhe do dhul chun cinn COC ó thaobh gairme de na gníomhartha a eascraíonn as plean daoine agus cultúir mar aon le foirbairt gairme, ceannaireacht agus eispéireas na foirne i gcoitinne. Cothóimid timpeallacht in COC i gcónaí atá cothrom, ionchuimsitheach agus éagsúil, a chruthóidh áit oibre dhearfach ina mbraitheann baill foirne ar a suaimhneas. Tacóimid le fás na mball foirne ina saol gairmiúil agus pearsanta. Aithneoimid obair agus iarrachtaí na foirne go léir agus déanfaimid amhlaidh a cheiliúradh ach forbairt ghairmiúil agus creataí feabhsaithe bainistíochta a chur i bhfeidhm do chách ar a dturas gairmiúil.

Díreoimid ar luachanna Athena SWAN a chuimsiú inár gcleachtas ó lá go lá agus sinn meáite ar dhámhachtain Institiúide Airgid mar aon le cúig dhámhachtain bhreise ag leibhéal an aonaid/na roinne a bheith bainte amach againn faoin mbliain 2028. Forbróimid an chéad chreat de chuid COC um Chomhionannas, Éagsúlacht, Ionchuimsiú agus Muintearas (EDIB) (2023-2028) chun EDIB a leabú a thuilleadh i bhfeidhmeanna uile na hollscoile.

Mar shlat tomhais dár gcuid rathúlachta, déanfar taifead ar chóras faisnéise na n-acmhainní daonna go mbeidh cáilíochtaí foirmiúla teagaisc agus foghlama ag 75% de bhaill foirne acadúla. Beimid meáite ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach a fhás do bhaill foirne uile faoi stiúir ag ceannaire COC agus bainisteoirí daoine mar eiseamláirí d'fhonn cultúr láidir na forbartha gairmiúla leanúnaí a leabú.

# Ár bhFoireann, Ár gCultúr

## Cuir Chuige Straitéiseacha agus Príomh-Ghníomhartha

**4.1** Plean Daoine agus Cultúir a chur i bhfeidhm d'fhonn cumas domhanda a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil.

i. Glacadh le cur chuige feabhsaithe i dtaca le hearcú baill foirne chumasacha dhomanda, cothú an chumais atá anseo cheana agus forbairt ceannaireachta i bpoist mhóra ar nós Cinn Scoile.

ii. Oibriú leis an rialtas chun dul i ngleic le ceist na gconarthaí atá maoinithe go seachtrach[2], go háirithe nuair a thagann sé go dtí inbhuanaitheacht an taighde in COC.

iii. Oibriú le comhpháirtithe straitéiseacha chun tacú le forbairt socruithe fostaíochtaí solúbtha.

iv. Cinntiú go mbeidh príomhchórais, luachanna agus rialáil dár gcuid mac léinn, ball foirne, airgeadais agus taighde ar aon dul lenár straitéis agus ár struchtúr faofa de réir mar is cuí.

**4.2** Cultúr cothromais, éagsúlachta, ionchuimsithe agus muintearais in COC, ag fáiltiú roimh ár ndifríochtaí mar phríomhbhua na hinstitiúide.

i. An chéad chreat de chuid COC um Chomhionannas, Éagsúlacht, Ionchuimsiú agus Muintearas (EDIB) (2023-2028) a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar a gcuimseofar sprioc chun dámhachtain airgid instidiúide Athena SWAN a ghnóthú chomh maith le creataí comhionannais eile, Dualgas na hEarnála Poiblí san áireamh.

ii. Tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin maidir le Luachanna agus Cultúr/EDIB de chuid COC gach dhá bhliain d'fhonn an dul chun cinn a thomhas, cuntasacht a chinntiú, aiseolas a roinnt le pobal COC agus an t-eolas seo a úsáid chun gníomhú faoi chreat rialachais chomhaontaithe agus cuntasachta.

**4.3** Samhail *thodhchaí na hOibre*, a chur i bhfeidhm, arna gríosú ag cultúr ardfheidhmíochta, forbairt ghairmiúil, feabhas agus cumarsáid éifeachtach.

i. Modh hibrideach agus lúfar a chur ar bun ó thaobh na hoibre de i samhail *thodhchaí na hoibre* amach anseo agus cleachtais oibre agus úsáidte spáis cuí in úsáid againn a chuireann na hathruithe ar nádúr na hoibre agus na foghlama san áireamh i ndomhan atá níos digití agus níos hibridí ná riamh.

ii. Cur leis an tsamhail um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) agus na cúrsaí bhaineann léi sin chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh an t-eolas agus na scileanna ag an bhfoireann chun dul chun cinn a dhéanamh in ollscoil hibrideach agus dhigiteach.

iii. Tionscnaimh a chur sa tsiúl chun feabhas HR a leabú i gcúrsaí taighde agus an triú hathnuachan dár ndámhachtain um Fheabhs HR sa Taighde a bhaint amach.

iv. Samhail tacaíochta na foirne ó thaobh sábháilteachta, sláinte agus folláine de a athbhreithniú agus a fheabhsú ach aiseolas a lorg i gcaidreamh le baill foirne maidir le cuir chuige atá níos fearr agus níos oiriúnaí.



## 4.4 Creataí forbartha gairmeacha agus cláir struchtúrtha a bhunú chun tacú le gach catagóir de bhaill foirne agus iad ar a dturas gairme.

i. Cláir tiomnaithe tacaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do bhaill foirne agus iad ag teacht chun na hollscoile, fad is a bheidh siad anseo agus ar imeacht dóibh.

ii. Bainfear leas as tagarmharcáil le hollscoileanna ar aon dul linn chun próisis ardaithe céime na foirne a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm lena n-áirítear plé ar mhinicíocht na nglaonna ardaithe céime don fhoireann.

## 4.5 Ceannairí a fhorbairt agus bainistíocht feidhmíochta feabhsaithe agus éifeachtach a sholáthar a thugann aitheantas agus ómós d'fhedhmíocht láidir agus a líonann na bearnaí.

i. Pobail chleachtais a fhorbairt agus tionscnaimh aitheantais na mball foirne a fheabhsú.

ii. Córais agus bearta feabhsaithe a bhaineann le forbairt feidhmíochta agus córais bhainistíochta a chur i bhfeidhm chun ardfheidhmíocht a aithint agus a cheiliúradh agus na bearnaí feidhmíochta a líonadh.

iii. Glacadh le cur chuige d'aon ghnó maidir le pleanáil chomharbais agus coinneáil chumais ina dtacaítear le baill foirne a lánacmhainneacht a chomhlíonadh. Ceannairí san am atá romhainn a chothú agus a fhorbairt.

2. Is ar bhonn gearrthéarmach a thacaítear le conarthaí arna maoiniú go seachtrach ag cistí taighde ón taobh amuigh, rud a chuireann bac ar dhul chun cinn na foirne taighde. Cuireann amhlaidh le hathruithe rialta ar bhaill foirne agus timpeallacht dóibh nach bhfuil ar aon dul le huaillmhianta taighde na hollscoile.




FÁILTE
UCC
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland
MOROCCO
HIGH ATLAS
TREK


WELCOME
UCC
FÁILTE
UCC


EARTH STRIKE
SAVE OUR HOME
Our House is on Fire
SAVE EARTH
do it for her
it's the only planet with DOGS




# Cuspóir a Cúig:
# Ár nÁit, Lorg Ár gCos

Athrú as cuimse a dhéanamh ar ár gcuid cleachtas, ar úsáid spáis agus teicneolaíochta chun ár gcuspóirí uaillmhianacha maidir le hinbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide a chomhlíonadh.

Tá timpeallacht ar leith i gcampas fisiciúil COC d'fhoirgnimh agus radharcanna stairiúla agus nua-aimseartha atá mar spreagadh agus tacaíocht dár gcuid mac léinn, ball foirne agus cuairteoirí. Sa champas digiteach dár gcuid, is ann do spás, uirlisí agus teicneolaíocht chun dul i mbun oibre, taighde, teagaisc agus foghlama ar bhonn inbhuanaitheach, lúfar agus ionchuimsitheach. Tá ár gcuid spásanna fisiciúla agus digiteacha in éineacht mar dheis iontach chun pobal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta thógáil, ina bhfuil cumarsáid agus comhoibriú, rudaí atá mar chuid lárnach dár gcuid cuspóirí agus croí-luachanna.

Tá se mar aidhm againn saoráidí den chéad scoth a sholáthar mar thaca le misean acadúil campas an 21ú haois dár gcuid ina bhfuil saoráidí teagaisc, foghlama agus taighde atá solúbtha agus ionchuimsitheach. Cuirfimid lenár gcumas agus lenár bhfeabhas digiteach chun institiúid níos lúfaire agus níos freagrúla a chur ar bun ata réidh chun dul i ngleic leis na hathruithe atá ag titim amach go mear sa ré dhigiteach. Cruthófar saoráidí agus seirbhísí nua, nó déanfar athcóiriú agus feabhsú ar a bhfuil ann cheana, d'fhonn cur le timpeallacht na hoibre agus na foirne do bhaill foirne agus do mhic léinn agus d'fhonn cuairteoirí agus aíonna a mhealladh chun caidreamh a dhéanamh leis an ollscoil.

Agus Oifig um Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide á bunú againn, cinnteofar go mbeidh ceangail na hinbhuanaitheachta mar thaca le gach plean agus gníomh i dtreo is go ndéanfar ár gcuid cleachtais oibre agus ár spásanna fisiciúla agus digiteacha a athshamhlú faoin mbliain 2028. Leanfaimid orainn ar an turas chun carbón a laghdú le sprioc na hearnála poiblí a bhaint amach faoin mbliain 2030 agus sinn meáite ar astaíochtaí carbóin a laghdú go hiomlán faoin mbliain 2040. Chuige seo, beidh gá le sprioc-chlár caipitiúil uaillmhianaithe mar aon le hathchóiriú ar an eastát fisiciúil agus digiteach atá ann cheana le cúnamh ó chleachtais oibre, foghlama agus teagaisc nua, nó leasaithe, chomh maith le tionscnaimh agus tacaíochtaí aitheantais. Socróimidne an caighdeán i dtaca le réitigh inbhuanaitheachta nuálacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus sinn mar eiseamláir den iompar agus na luachanna ar mhaith linn a chothú sa tsochaí i gcoitinne.

Mar phríomhshlat tomhais de dhul chun cinn an chuspóra seo, bainfear creidiúnú platanaim STARS amach ón gCumann um Dhul chun Cinn na hInbhuanaitheachta san Ardoideachas. Bainfimid laghdú iomlán de 51% ar charbón amach faoin mbliain 2030 mar aon le barrachas glanairgeadais de 3% agus fásfaimid sóchmainní faoi 1% gach bliain. Forbrófar slata tomhais rathúlachta eile amach go luath sa chur i bhfeidhm.

# Ár nÁit, Lorg Ár gCos

## Cuir Chuige Straitéiseacha agus Príomh-Ghníomhartha

### 5.1 Réitigh inbhuanaitheachta nuálacha a fhorbairt maidir le tionchar áitiúil, náisiúnta, réigiúnach agus domhanda agus inbhuanaitheacht a leabú i dtionscnaimh oideachais, taighde, oibríochtaí agus aitheantais do bhaill foirne agus mic léinn.

i. Plean Gníomhaíochta um Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide de chuid COC a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, arna thacú ag Oifig nua um Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide chun na spriocanna dramhaíola agus carbóin dár gcuid a bhaint amach agus chun deimhin a dheanamh de go mbeidh ár gcuid foghlama, teagaisc, taighde agus oibríochtaí sa roth stiúrtha agus iad mar spreagadh don athrú treo go dtí todhchaí inbhuanaithe.

ii. Ceannaireacht agus réitigh nuálacha inár réigiún a sholáthar ar mhaithe le tionsclaíocht dhomhanda atá níos ionbhunaithe chomh maith le fiontraíocht agus córais sa chúram sláinte (Cógaisíocht, Ceimic, Bia, Teicneolaíocht an Airgeadais, Teicneolaíocht na Faisnéise agus Eolaíochtaí na Beatha.

iii. Ár gcáil mar channairí machnaimh ó thaobh na hinbhuanaitheachta de ar bhonn idirnáisiúnta a fhorbairt.

iv. Modúl inbhuanaitheachta do bhaill foirne agus mic léinn uile a fhorbairt agus é a chur ar fáil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

### 5.2 Oibriú le comhlachtaí áitiúla agus náisiúnta chun bonneagar, spás agus sóchmainní ar leithligh a optamú agus a fheabhsú chun luach a ghiniúint do COC agus do Chorcaigh mar áit.

i. COC a bheith mar cheann scríbe turasóireachta agus oidhreachta cultúrtha sa réigiún. Samhail chaidrimh do chuairteoirí nua ar an gcampas a leagan amach agus Dánlann Taiscí COC a fhorbairt, rud a leathanóidh an teacht atá ag an bpobal ar shócmhainní COC.

ii. Beocht bhreise a chur in Áilear na Gráinsí agus thart timpeall air chun an Mol Cruthaitheach, atá mar fhís dár gcuid, a chur chun cinn.

### 5.3 Ár gcampas cónasctha digiteach a fheabhsú chun cur le nuálaíocht, lúfaireacht agus feabhas, rud a chlaochlóidh ár gcuid oibre agus foghlama.

i. Campas cliste, cónasctha agus inbhuanaithe a fhorbairt, ina mbeidh na seirbhísí a chumasaíonn todhchaí na hoibre agus foghlama ach cur le heispéireas ar an gcampas agus hibrideach de chuid na foirne, na mac léinn agus na gcuairteoirí.

ii. *Máistirphlean Digiteach na hOllscoile* a chur ar bun mar aon leis na tiomantais tionscadail ábhartha inár gcuspóirí agus cumasóirí straitéiseacha go léir.

iii. Tacú le claochlú na bpróiseas riarachán sna seirbhísí gairmiúla uile ach próisis a uathoibriú, dúblú a laghdú agus éifeachtúlacht a fheabhsú.

## 5.4 Ár gclár caipitiúil a fhorbairt faoi réir ag *Máistirphlean Campais COC* agus ár gcuspóirí neodracha ó thaobh carbóin de ina bhfeabhsaítear foirgnimh agus tailte atá ann cheana.

i. Príomhthionscadail chaipitiúla a sholáthar lena n-áirítear Foirgneamh Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí, Scoil agus Ospidéal Fiaclóireachta nua, Scoil Leighis Chliniciúil nua, saoráidí cliniciúla ar shuíomhanna cliniciúla comhpháirtíochta, síneadh le hInstitiúid Náisiúnta Tyndall, athchóiriú Fhoirgneamh Eolaíochta Kane agus bonneagar feabhsaithe ar champas an Mheal Thuaidh.

ii. Sprioc-chlár forbartha caipiúla ar an iomlán de chuid COC a chur chun cinn ag díriú ar fheabhas a chur ar na saoráidí spóirt, iostas na mac léinn, agus tionscadail phríomhthoscaíochta faoi réir ag Máistirphlean Campais COC.

iii. Leanúint leis an infheistíocht in eastát na hollscoile ar bhonn córasach d'fhonn staid ghinearálta ár bhfoirgneamh agus ár mbonneagair tacaíochta a fheabhsú. Tús áite a thabhairt do shaoráidí atá faoi bhun an chaighdeáin.

## 5.5 Athshamhlú a dhéanamh ar mhodhanna oibre ach deiseanna a thapú inár gcuid timpeallachtaí fisiciúla agus digiteacha.

i. Timpeallacht chumaisctthe na hoibre a bhainistiú ar bhonn réamhghníomhach.

ii. Spásanna teagaisc nuálacha agus ionchuimsitheacha a sholáthar chun na hathruithe ar mhianta foghlama agus teagaisc na foirne agus na mac léinn a shásamh.

iii. Lántairbhe a bhaint as saoráidí COC ar feadh na bliana go léir. Mar chuid de seo, déanfar iniúchadh spáis chun athchóiriú a dhéanamh ar an spás céanna ar mhaithe le húsáid níos fearr chomh maith le seirbhísí a fheabhsú a phléann go díreach leis na mic léinn.




UCC COMMUNITY GARDEN
GROW - SHARE - LEARN - EAT






# Cumasóirí Straitéiseacha

Braithfidh dul chun cinn an phlean straitéisigh seo ar roinnt cumasoirí, iag ag oibriú agus ag idirghníomhú trasna na gcuspóirí, na gcur chuige agus na ngíomhartha. Déantar tagairt to chuid de na cumasóirí seo sna cuspóirí d'fhonn cuntasacht a chinntiú agus chun slat tomhais rathúlachta a léiriú agus déantar tagairt do chuid eile díobh sa straitéis ar an iomlán.

Ar na príomhchumasóirí tá:

- **Daoine, Folláine agus Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (EDI)**
- **Cumarsáidí Éifeachtacha**
- **Acmhainní**
- **Daonchairdeas agus Caidreamh le Páirtithe Leasmhara**
- **Feabhas Oibríochtúil**
- **Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha**
- **Cumais Dhigiteacha agus Sonraí ar Ardchaighdeán**
- **Rialachas**




# Constaicí agus Tosca Teorannaithe

Feidhmímid i dtimpeallacht ardoideachais atá an-dúshlánach go deo ó thaobh maoinithe de gan dóthain maoinithe ón Státchiste ar fáil chun tacú lenár gcuid riachtanas bonneagair, inar thit infheistíocht an stáit in aghaidh an mhic léinn le 65% ón mbliain 2008 agus ina bhfuil 80% dár gcuid ioncaim faoi láthair ag dul i dtreo costas seasta. Beidh an uaillmhian seo againne don am atá le teacht faoi bhac ag leibhéal na hinfheistíochta ón stát san ardoideachas agus beidh tábhacht nach beag do COC ag baint le teacht ar fhoinsí maoinithe nua chomh maith le fás an ioncaim nach dtagann ón státchiste, Oibreoimid i gcomhar le hearnáil an ardoideachais agus leis an rialtas chun clár oibre athchóirithe uaillmhianach a bhaint amach agus chun córas oiriúnach, ardfheidhmíochta, aontaithe ó thaobh an oideachais, an taighde agus na hoiliúna de a sholáthar faoi mar atá leagtha amach in *Funding the Future*, creat maoinithe agus athchóirithe de chuid an rialtais le haghaidh an ardoideachais. Ní bheifear in ann ár bplean straitéiseach uaillmhianach a bhaint amach ach amháin má chuireann an rialtas an creat *Funding the Future* i bhfeidhm, iad ag athnuachan shamhail an mhaoinithe le haghaidh an ardoideachais agus iad ag dul i ngleic leis an nganntanas maointhe agus scála na hinfheistíochta a theastaíonn chun feidhmíocht feabhsaithe mar aon le príomthorthaí ar ardchaighdeán a sholáthar.

# Cumasóirí Straitéiseacha

Príomhghníomhartha Tosaíochta

## Daoine, Folláine agus EDI

i. Cultúr cothromais, éagsúlachta, ionchuimsithe agus muintearais san eagraíocht, ag fáiltiú roimh ár ndifríochtaí mar phríomhbhua na hinstitiúide.

ii. Cur le feabhas agus tionchar ach comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsiú agus muintearas a bheith mar chuid de dhearadh, feidhmiú agus monatóiriú ghníomhaíochtaí na hollscoile.

iii. *Cairt Campais Shláintiúil* a ghlacadh agus Creat Campais Shláintiúil a chur i bhfeidhm chun rathúlacht na mac léinn a bhaint amach agus chun eispéireas na foirne a fheabhsú.

iv. Folláine na foirne a chothú chun tacú le fostaithe agus timpeallacht dhearfach oibre a chruthú.

## Cumarsáidí Éifeachtacha

i. Cur chuige feabhsaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i leith cumarsáidí inmheánacha agus seachtracha.

## Acmhainní

i. Tabhairt faoi mheasúnú cuimsitheach ar an mhargadh agus tagarmharcáil a dhéanamh ar na táillí agus na muirir go léir d'fhonn ailíniú lenár bpiaraí a chinntiú.

ii. Samhlacha tiomsaithe airgid eile a mheas.

iii. Tacú le cur i bhfeidhm mholtaí athbhreithniú na bliana 2022 ar fho-chuideachtaí COC.

iv. Tacú le cur i bhfeidhm na ngníomhartha a eascraíonn as athbhreithniú ar sheirbhísí gairmiúla de chuid COC.

## Daonchairdeas agus Caidreamh le Páirtithe Leasmhara

i. Feachtas tiomsaithe airgid a sholáthar i leith tosaíochtaí comhaontaithe i gcomhar le Fondúireacht Ollscoile Chorcaí.

ii. Clár caidrimh a thosú le gach páirtí leasmhar (alumni, tuismitheoirí, mic léinn, baill foirne, céimithe oinigh agus deontóirí) sa saol agus i sláinte daonchairdis na hollscoile i gcomhpháirt le boird dheonacha.

## Feabhas Oibríochtúil

i. Infheistiú i bhfeabhas oibríochtúil chun ár bpróisis, ár gcórais agus ár seirbhísí a shímpliú agus a chónascadh. Feabhas leanúnach, bainistíocht athraithe agus modhanna rialála sonraí a leabú i ngach gné de COC. Clár cuimsitheach oiliúna agus tacaíochta a chur ar fáil do bhaill foirne mar thaca leis na gníomhartha seo.

## Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha

i. Líon áirithe comhpháirtíochtaí áitiúla agus idirnáisiúnta a fhorbairt a thacaíonn lenár gcuid cuspóirí bunaithe ar chinntí a eascraíonn as sonraí agus faisnéis atá bailithe go córasach. Orthu seo, beidh compháirtíochtaí le hisntitiúidí acadúla agus taighde chomh maith le lucht gnó, an pobal i gcoitinne agus lucht déanta beartais ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

ii. Díriú ar chomhpháirtíochtaí a théann chun tairbhe dár gcuid taighde, teagaisc agus foghlama, agus dár gcuid mac léinn agus ball foirne.

## Cumais Dhigiteacha agus Sonraí ar Ardchaighdeán

i. Plean Sonraí a sholáthar a chothóidh cultúr ina léirítear meas do shonraí agus ina n-úsáidtear iad mar shócmhainn chun luach agus léargas straitéiseach a ghiniúint le deiseanna aithint agus le héifeachtacht agus éifeachtúlacht na cinnteoireachta a fheabhsú.

ii. Uirlisí agus ardáin rialála a thógáil chun luach níos straitéisí a fháil ó shonraí.

## Rialachas

i. Reachtaíocht agus cóid nua rialála a thosú a bhaineann leis an earnáil agus ár gcreataí rialála agus polasaí a uasdátú dá réir.

ii. Struchtúir rialála nua le haghaidh na mac léinn a chur i bhfeidhm.

iii. Próisis ghéilliúlachta i dtaca le cúrsaí dlí agus faisnéise a fhorbairt atá éifeachtach agus ciallmhar ó thaobh airgid de.

iv. Deasc chabhrach um Banistíocht Riosca Fiontraíochta a chur i bhfeidhm mar aon le córas lúfar chun tacaíocht bunaithe ar réitigh a chur ar fáil do phobal na hollscoile

# Ó Straitéis go dtí Cur i bhFeidhm

Leagtar amach sa phlean straitéiseach seo an cosán a thógfaimid chun *Ár dTodhchaí a Chinntiú* go ceann cúig bliana. Déanfar an chomh-aidhm seo a sholáthar ach ár gcúig chuspóir a bhaint amach, rud a gheobhaidh tacaíocht ó roinnt cumasóirí straitéiseacha. Gnóthófar gach cuspóir a bhuí le roinnt cur chuige straitéiseach agus gníomhartha áirithe. Beidh na cuir chuige seo, mar aon lenár gcuid luachanna, mar theoir do na roghanna agus na cinntí a dhéanfaimid go léir le linn thréimhse an phlean seo. Beidh machnamh dearaidh mar chúlra dár gcur chuige, é ag tacú lenár dtiomantas chun dul i ngleic le mórdhúshláin dhomhanda.

Beidh an dea-thionchar a imreoimid mar phríomh-choincheap a dhéanfaidh an plean seo a ghríosú. Is iomaí slí inar féidir dea-thionchar a mhéadú, mar shampla foilseacháin acadúla ar ardchaighdeán, baill foirne agus céimithe a bhfuil tionchar agus dearcadh domhanda acu, guthanna neamhspléacha ag plé le ceisteanna atá i mbéal an phobail. Tá an tionchar seo mar sin faoi réir ag croímhisean COC agus ár ról sa tsochaí.

Braitheann an dul chun cinn a dhéanfaimid chun na cuspóirí a bhaint amach ar fhorbairtí inmheánacha agus seachtracha. Le linn chur i bhfeidhm an phlean seo, beimid dinimicúil agus freagrúil i leith deiseanna nua i gcónaí. In ainnneoin na ndúshlán oibríochtúil ó thaobh constaicí de maidir le hacmhainní airgeadais, spáis agus pearsanra mar aon le hacmhainní eile, leagfar béim láidir ar chur i bhfeidhm thosaíochtaí an phlean seo.

Tá difríochtaí idir na cuspóirí agus na cuir chuige nuair a thagann sé go dtí a dtúsphointe agus leibhéal a bhforbartha. Chun bogadh ón gcreat straitéiseach go dtí an cur i bhfeidhm, forbróimid pleananna oibríochtúla gach bliain le haghaidh gach cuspóra ina leagtar amach gníomhartha atá sainmhínithe go soiléir agus torthaí intomhaiste. Beidh creat tuairiscithe gairid mar achoimre ar an dul chun cinn ó thaobh na rathúlachta de. D’fhonn tuairisciú a chinntiú atá stuama agus éifeachtúil, beidh na pleananna agus na slata tomhais seo faoi réir go dlúth ag ár socrú feidhmíochta leis an Údarás um Ard-Oideachas. Maidir leis an gníomhartha a dtabharfaimid fúthu, beidh forbairtí inmheánacha agus seachtracha mar thionchar agus mar mhúnla acu. Agus sinn ag obair go seasmhach chun ár gcuid slat tomhais rathúlachta a sholáthar oibreoimid i gcomhar lena cheile mar aon phobal ollscoile amháin.



